Comhairle Lucht Éisteachta

Tá RTÉ, mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí náisiúnta, tiomanta tús áite a thabhairt don lucht éisteachta.

Eolas faoin gComhairle Lucht Éisteachta

Tá RTÉ, mar an Craoltóir Seirbhíse Poiblí náisiúnta, tiomanta tús áite a thabhairt don lucht éisteachta. Soláthraíonn RTÉ cláir raidió agus teilifíse, i nGaeilge agus i mBéarla, a bheidh ar ardchaighdeán, a bheidh ar fáil go huilíoch, agus a bheidh neamhspleách agus neamhchlaonta de réir oibleagáidí bunreachtúla agus reachtúla.

Pléadh Comhairle Lucht Éisteachta a bhunú i dtús báire i mí na Samhna 2002 in iarratas a rinne RTÉ an táille ceadúnais a ardú:

"Is féidir leis an gcaidreamh idir an lucht éisteachta agus an craoltóir a bheith an-mhíchothrom cé go bhfuil cumarsáid mhaith idir an dá ghrúpa sin ríthábhachtach le go bhforbróidh seirbhís lena mbaineann tábhacht mhór tríd is tríd. Tá RTÉ tiomanta a bheith oscailte don lucht éisteachta, fáilte a chur roimh gach cineál teagmhála, éisteacht le gach dearcadh agus freagra a thabhairt go pras agus mar is cuí. Chun cumarsáid a éascú agus chun cuntasacht a fheabhsú, chinn RTÉ Comhairle Lucht Éisteachta a bhunú."

Cuspóir

Seo a leanas na tástálacha a bhaineann le leas an phobail agus a leagann RTÉ síos dóibh féin:

- Cothroime
- Cruinneas
- Neamhchlaontacht
- Oibiachtúlacht
- Neamhspleáchas ó leasanna dílsithe agus saoirse ó smacht nó ó thionchar polaitíochta
- Sceidil d'ardchaighdeáin a bheith ar fáil do chách (i.e. saor go haer)
- Cion suntasach de na cláir a bheith bunaithe in Éirinn
- Sceidil ina bhfuil cláir do ghrúpaí agus do leasanna do mhionlaigh iontu
- Sceidil a léiríonn meas ar dhearcaí an lucht éisteachta agus a chuireann lena n-ionchais chultúir
- Cláir a aithníonn leasanna réigiúnacha agus éagsúlacht cultúir
- Cláir a spreagann tuiscint agus caoinfhulaingt
- Cláir chruthaitheacha nach bhfuil a leithéidí déanta cheana.

Tá na tástálacha sin go léir ann ar mhaithe leis an lucht éisteachta, agus beidh fáilte roimh thuairimí agus roimh aiseolas ón lucht éisteachta ina dtaobh; éascaíonn an Chomhairle Lucht Éisteachta an chumarsáid sin agus is iad na topaicí sin an clár oibre bunúsach do gach cruinniú de chuid na Comhairle.

Struchtúr agus Comhdhéanamh

Is ionann an Chomhairle agus grúpa comhairleach d'Údarás RTÉ.

Ceithre bliana ar fhad a bhíonn gach aon Chomhairle i bhfeidhm agus ceaptar Cathaoirleach ó na comhaltaí gach bliain. Is é an tréimhse ó mhí na Nollag 2003 go mí na Nollag 2007 chéad téarma na Comhairle. Buaileann an Chomhairle le chéile cúig uaire sa bhliain, agus bíonn ceann amháin de na cruinnithe sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireann RTÉ Rúnaí ainmnithe ar fáil. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach ar bhonn deonach agus aisíoctar costais dheimhnithe leo agus sin amháin.

Tá 22 comhalta ar an gComhairle Lucht Éisteachta: 11 comhalta ionadaíocha a bhfuil sainleas acu i gceann amháin nó níos mó de na príomhshnáitheanna; 10 comhalta aonair a bhfuil leas ginearálta acu i gcraoltóireacht agus is gnáthchomhalta ex-officio den Chomhairle é Cathaoirleach Fho-Choiste Clár an Údaráis. Níl aon fholúntais ar an gComhairle Lucht Éisteachta faoi láthair.

Iarradh ar na heagraíochtaí seo a leanas ionadaí a ainmniú ar an gComhairle:

- TNa Comhpháirtithe Sóisialta: IBEC, ICTU, IFA, agus an Piléar Deonach agus Pobail
- An Chomhairle Ealaíon
- Oifig an Aire do Leanaí (An Oifig Náisiúnta Leanaí roimhe seo)
- Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae
- An tÚdarás Comhionannais
- Foras na Gaeilge
- Comhairle Náisiúnta na nEaglaisí
- Comhairle Spóirt na hÉireann.

Lorg Údarás RTÉ, le comhairle agus tacaíocht sheachtrach chuí, iarratais ó dhaoine sa phobal ar theastaigh uathu a bheith ceaptha ar cheann de na deich gcomhalta aonair. Tá beirt chomhalta ann ó gach aon cheann de na toghcheantair AE in Éirinn, agus tá beirt ó Thuaisceart Éireann. Chuaigh fógraí a thug cuireadh do dhaoine aonair a raibh suim acu iarratas a dhéanamh a bheith páirteach sa Chomhairle amach ar Raidió agus ar Theilifís RTÉ agus san *RTÉ Guide*. Bhí comhdhéanamh deiridh Chomhairle Lucht Éisteachta, faoi alt 21 den *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*, mar a leasaíodh faoi alt 5 den *Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976*, faoi réir thoiliú an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Idirchaidreamh

Bíonn an Chomhairle Lucht Éisteachta ag idirchaidreamh leis na grúpaí seo a leanas:

- An pobal i gcoitinne trí bhealaí éagsúla lena n-áirítear, an láithreán gréasáin, tuarascáil bhliantúil
- An tÚdarás trí ionadaíocht ex-officio agus cruinnithe ócáideacha
- An Príomh-Stiúrthóir a fhreastalaíonn ar chruinniú amháin ar a laghad den Chomhairle in aghaidh na bliana agus bíonn sé ar fáil mar is cuí
- Bainistíocht eagarthóireachta shinsearach RTÉ a fhreastalaíonn nuair is gá.

D'fhorbair an Comhairle dlúthnaisc leis an BBC NI Broadcasting Council. Reáchtáladh dhá chruinniú i gcomhar agus aithníodh nithe ina bhfuil leas ar an dá thaobh le go ndéanfar plé leanúnach orthu.

Comhaltaí an Chomhairle Lucht Éisteachta (amhail mí an Mhárta 2007)

- Paul M. Kinsella, An Cathaoirleach
- Sheena Walsh McMahon
- Anthony Kelly
- Des Sheridan
- Valerie Keegan
- Eddie Sheehy
- Eilís Boland
- Maolsheachlainn Ó Caollaí
- Maria Killian
- Alan McCormack
- Mary Gallagher MacBride
- Anne O'Donnell
- Niall Madigan
- Oliver Donohoe
- Pádraig McGinn
- Patrick O'Leary
- Mark Connolly
- Paul McDermott
- Ruth Gallagher
- Alison McCullagh
- Adrian Ó Donnabháin
- Stephanie O'Callaghan

Comhairle Lucht Éisteachta RTÉ

Márta 2007 | www.rte.ie